

Scéim Forbartha Turasóireachta 2025

Treoirínte agus Doiciméad Eolais

Cúlra na Scéime:

Idir 2018 agus 2024 bhí an Scéim Forbartha Turasóireachta á láimhseáil ar bhunús píolótach chun go bhféadfaí fiúntas na scéime a mheas agus féachaint i dtreo scéim bhuan a fhorbairt dá mbeadh cás agus éileamh ann chun sin a dhéanamh. Faoin scéim, cuireadh tacaíocht airgeadais €30,000 sa bhliain ar fáil chun oifigeach turasóireachta a earcú i dtograí turasóireachta straitéiseacha pobalbhunaithe.

Le linn na scéime, ghlac na rannpháirtithe páirt i gcúrsa Leibhéal 8 FETAC: Teastas Bainistíochta Turasóireachta Inbhuanaithe a bhí saincheaptha i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta na Mumhan. Chomh maith leis sin, d'fhreastal na hoifigigh turasóireachta ar cheardlanna, ghlac siad páirt i dturais foghlama agus tháinig siad le chéile ar líne gach mí chun a gcuid tuairimí a roinnt.

Thar na sé bliana den tréimhse píolótach, ghlac 18 gnó páirt sa scéim.

Rinneadh athbhreithniú ar an scéim i 2023 agus tá scéim nua bunaithe mar thoradh ar an athbhreithniú seo. Seo a leanas sonraí na scéime nua. Ní mór na sonraí seo a léamh ina n-iomláine sula líontar an fhoirm iarratais.

Scéim 2025 - Ag Réiteach Iarratas

Is é an spriocdháta maidir le hiarratas a dhéanamh ná 04/02/2025.

Tá an fhoirm iarratais le fáil anseo: Beidh ort cuntas Gmail a úsáid chun an fhoirm a líonadh. https://docs.google.com/forms/d/1NuNWY_dLtN5MCZ4gXCn5IUOiDdcl-1CiM36ggM9OKlo/edit

Reáchtálfar 2 seisiúin eolais ar-líne:

1. 11:00-12:00 ar an 16/01/2025 (Déardaoin)
2. 14:00-15:00 ar an 22/01/2025 (Céadaoin)

Tá sé éigeantach freastal ar cheann de na seisiúin seo. Chun clárú le freastal nó muna féidir freastal ar cheachtar seisiúin, (beidh cruinniú ar leith le socrú) cuir ríomhphost chuig meadbh.seoighe@udas.ie. Cuir scéim turasóireachta sa 'subject line'.

Leagfar amach na coinníollacha agus na cineálacha tograí atáthar ag súil leo sa seisiún eolais, chomh maith le samplaí de na foirm iarratais agus céard atá á lorg. Ní mór aon iarratas a phlé le do theagmhálaí in Údarás na Gaeltachta sula gcuirfí isteach é. Mura bhfuil teagmhálaí ar leith agat, seol ríomhphost chuig Meadbh.seoighe@udas.ie

Na Catagóirí

Tá fáilte roimh iarratais ó na trí chatagóir seo:

- A. Áiseanna Turasóireachta atá ag feidhmiú sa mhargadh turasóireachta - siad sin ionaid atá oscailte faoi láthair.
- B. Iarratasóirí atá ag forbairt Ionaid Turasóireachta ach nach bhfuil ar an margadh fós. Tograí de ghnáth ina bhfuil maoiniú caipitil faighte agus atá ag obair i dtreo an togra a fhorbairt agus a oscailt. (le n-oscailt i 2025/2026)
- C. Togra forbartha turasóireachta ar leith atá i gceist ag pobal tabhairt faoi, obair a mhairfidh 12 mí. Mar shampla coincheap a mheastar go bhfuil deis tráchtála leis ach nach bhfuil an múnla gnó soiléir, feachtas nó áis ar leith a fhorbairt ar nós bealach siúlóide/rothaíochta. De ghnáth, beifear ag bronnadh deontais ar feadh bliana amháin i leith na dtograí seo le rogha níos faide ná sin más cuí

Tréimhse na Scéime

I gcás catagóirí A agus B thuas, tá tacaíocht i bprionsabal ar fáil do thréimhse 3 bliana. De bharr go dtagann an maoiniú ó bhuiséad bliantúil, tá an cead, gach bliain, faoi réir buiséad a bheith ar fáil don Údarás.

I gcás catagóir C thuas, ag brath ar an am scála leagtha amach san iarratas/choincheap bronnfar deontas d'idir 12 mhí agus 36 mhí.

Clár Creidiúnaithe

- I measc na gcoinníollacha a bhaineann leis an scéim, beidh ar gach oifigeach turasóireachta atá maoinithe faoin scéim freastal ar an gclár foghlama.
- Mar chuid den chlár beidh cruinniú míosúil, tuairisc foghlama, léachtanna agus meantóireacht. Leagfar amach an clár ama ag tús 2025. Tá sé mar choinníoll go mbeadh an t-iarratasóir solúbtha leis an oifigeach turasóireachta ionas gur féidir leo freastal ar an gcúrsa.
- Tá fáilte ag bainisteoir an oifigh turasóireachta freastal (nó aon duine eile den fhoireann) ar ghnéithe den chlár foghlama seo agus moltar a bheith páirteach más féidir.
- Beifear ag glacadh páirte i ngréasán turasóireachta leis na hoifigh eile earcaithe faoin scéim seo.

Córas Marcála

Seo a leanas na critéir a bheidh á n-úsáid chun na hiarratais a mheas. Moltar aird ar leith a thabhairt air seo agus tú ag freagairt na gceisteanna san fhoirm iarratais:

Critéir	Uasmhéid
An bhfuil plean oibre/gnó cuimsithigh ag an tionscadal?	10
An bhfuil réimse leathan geallsealbhóirí rannpháirteach sa tionscadal seo? Comhoibriú, maoiniú srl., go dtí seo agus beartaithe (m.sh. Fáilte Ireland, Ranna Stáit, An Chomhairle Contae)	10
An bhfuil teanga agus/nó oidhreacht agus/nó acmhainní nádúrtha na Gaeltachta aitheanta sa togra?	15
An bhfuil socruithe bainistíochta agus tuairiscithe sásúla in áit don Oifigeach Turasóireachta agus an bhfuil na dualgais leagtha amach go soiléir?	15
An bhfuil taithí turasóireachta agus/nó bainistíochta tograí ag na rannpháirtithe?	10
An bhfuil sé de chumas ag an togra seo cur leis an mbonneagar turasóireachta sa réigiún?	10
Inmharthanacht airgeadais - an mbeidh an togra inmharthana nuair a bheidh sé faoi lán seoil?	15
Aitheantas agus gníomhartha a bhaineann le cúrsaí timpeallachta?	10
Aon ghné eile: an bhfuil géarghá leis an togra sa cheantar, an dtarlódh an togra gan seo, aon eolas eile ábhartha?	5
Uasmhéid marcanna	100

Earcaíocht

- Tá súil go mbeifear in ann na hOifigigh a earcú thart ar an am céanna ionas go mbeidh siad uile ag tosú ar an gcúrsa le chéile (luath i 2025).
- Beidh ar an iarratasóir an post a fhógairt agus tá sé i gceist na poist uile a fhógairt ar shuíomh idirlín an Údaráis chomh maith. Cuirfear samplaí fógraí ar fáil chomh maith le samplaí sonraí poist.
- Ní mór go mbeadh ionadaí ó Údarás na Gaeltachta ar an mbord agallaimh.
- Beidh conradh le heisiúint don oifigeach turasóireachta agus cuirfear sampla ar fáil don fhostóir.

Sonraí an Deontais

Íocfar uasmhéid deontais €40,000 in aghaidh na bliana bunaithe ar an chlár caiteachais thíos. Íocfar an deontas i dtrí thráthchuid i rith na bliana.

Is ag ráta 90% a bheidh an deontas.

Sonraí	€
Tuarastal	35,000
Árachas Fostaí (11.25%)	3,938
Taisteal	5,500
Iomlán Caiteachas	€44,438
Deontas @ 90%	€39,994
	Abair €40,000

Rialacha AE & Cúnamh *De Minimis*

I gcás go gceadaítear tacaíocht faoin scéim is ionann an tacaíocht sin, i dtuairim Údarás na Gaeltachta, agus Cúnamh De Minimis. Is éard is Cúnamh De Minimis ann ná suimeanna beaga Cúnaimh Stáit a thugtar do ghnóthas agus/nó gnó, nach mó ná €300,000 thar aon trí bliana fhioscacha, is cuma an méid nó an láthair. Féadfaidh Cúnamh De Minimis teacht ó aon chomhlacht, ghníomhaireacht nó roinn Stáit. Má tá gnó mar chuid de ghrúpa, baineann an teorainn €300,000 leis an ngrúpa. Tabhair do d'aire, má thugtar dearbhú bréagach i leith figiúir a bheith faoin tairseach €300,000, féadfaidh sé a bheith de thoradh air níos faide anonn go mbeadh ort an cúnamh deontais a íoc ar ais móide ús.

Beidh le léiriú sa bhfoirm iarratas stádas an eagrais maidir leis an treoirhéid shroichte. Má tá an treoirhéid shroichte, neamh-incháilithe agus ní bheidh muid in ann leanúint ar aghaidh le do iarratas

Athbhreithniú Leanúnach

Beifear ag leagan amach spriocanna do gach rannpháirtí agus á meas agus á dtomhas go rialta.

Achoimre ar Dhátaí don Scéim

- Scéim oscailte go: 18:00 ar an 04/02/2025
- Seisiún eolais ar líne: agus 11:00-12:00 ar an 16/01/2025 (Déardaoin) agus 14:00-15:00 ar an 22/01/2025 (Céadaoin)
- Poist á bhfógairt ag na tograí: Feabhra/Márta 2025

Meabhrú: Tá an fhoirm iarratais le fáil anseo: Beidh ort cuntas Gmail a úsáid chun an fhoirm a líonadh.

https://docs.google.com/forms/d/1NuNWY_dLtN5MCZ4gXCn5IUOiDdcl-1CiM36ggM9OKlo/edit